**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0202/2021**

9.3.2021

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

de bhun Riail 143 de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le dhúnmharú Khaled al-Assad, seandálaí shuíomh Palmyra sa tSiria

**Thierry Mariani, Aurélia Beigneux, Dominique Bilde, Gianantonio Da Re, Harald Vilimsky, Jean-François Jalkh, Jean-Lin Lacapelle, Julie Lechanteux, Maximilian Krah, Virginie Joron**

**B9-0202/2021**

**Tairiscint i gcomhair rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le feallmharú Khaled al-Assad, seandálaí shuíomh Palmyra sa tSiria**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do chruinniú an Fhochoiste um Shlándáil agus um Chosaint an 27 Eanáir 2021,

– ag féachaint do Choinbhinsiún na Náisiún Aontaithe um Maoin Chultúrtha a Chosaint i gCás Coinbhleachta Armtha, a síníodh sa Háig an 14 Bealtaine 1954,

– ag féachaint d'ainmniú shuíomh Palmyra mar Láithreán Oidhreachta Domhanda in 1980 agus dá chur ar Liosta UNESCO de Láithreáin Oidhreachta Domhanda i mBaol in 2013,

– ag féachaint do Riail 143 dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí gur thángthas ar chorp Khaled al-Assad, seandálaí ó 1980, ag suíomh Palmyra, an 8 Feabhra 2021;

B. de bhrí go ndearna Daesh, Khaled al-Assad, a fhuadach, a chéasadh agus a dhúnmharú in 2015 tar éis do Daesh smacht a ghabháil agus tús a chur le scriosadh shuíomh Palmyra;

1. ag cáineadh go láidir fheallmharú Khaled al-Assad agus a chur in iúl gur mian léi ómós a thabhairt dá infheistíocht de bheagnach leathchéad bliain ag suíomh Palmyra;

2. á iarraidh ar Ardionadaí an Aontais do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála cúnamh a thabhairt do Rialtas na Siria chun suíomh Palmyra agus na láithreacha uile atá faoi bhagairt sa tSiria a chosaint.